

MAIDE IUSAIGHE

Tabhair triomacht don ghiúsach nó tabhair fliuchan dhí, agus é sin ó thógann tú as an móin í. Má fhágann tú amuich í tar éis í thógáil, fág amuich í, nó má chuireann tú isteachí tar éis í fhágáil faoin aer bliain nó dhó sgáinfidh sí, forcfaidh sí agus lobfaidh sí. Má chuireann tú isteach í agus agus í a thriomú go díreach taréis a tógála agus baill troscáin a dhéanamh dhi féadfa tú a rádh go mbeidh baill trioscáin agat le do bheo, cuid mhaith dá dtiocfadh i do dhiaidh freisin. Sí a bhí a dhul i gcabhaltacha caranna ainn-ne fadó-agus ins an leath-chlaidhe. An leabadh a dtugtaoi leabadh sheasta uirthi séard a bheadh innte leabadh ghiusaighe. Ní teach geanamhail a bhí ann mara mbeadh leabadh ghiusaighe ann, cómhra ghiusaighe agus drisiúr giúsaighe agus press giúsaighe, cuinneog ghiusaighe, canna giúsaighe agus tobán giúsaighe leis an uachtar a chur ar suideachan ann. Ní fhágann giúsach blas adhmuid ar an mbainne ná ar an im. Is ionann an sgéal ag an ngiúsach dhubh (an dair). Tá trí chineal giúsaighe ann an ghiúsach dhubh, an ghiúsach bhán agus an ghiúsach dhearg, sin í an donnré. Tá sí donn agus tá sí réidh – ní bhíonn ailt innte.